



An Chartlann Náisiúnta
National Archives

IARRAIDH AR MHEASÚNACHT AG AN gCARTLANN NÁISIÚNTA

Comhlánaigh an ceistneoir, le do thoil, chun a oiread faisnéise agus is féidir a chur ar fáil don Chartlann Náisiúnta d'fhonn cabhrú le d'iarratas ar dheimhniú diúscartha taifead.

Abair cé acu atá cead á lorg chun sraith finideach taifead a mhilleadh ar bhonn aon uaire nó chun sraith fhabhratheach a mhilleadh ar bhonn leanúnach.

Cuir tic sa bhosca iomchuí, le do thoil:

Ar Bhonn Aon Uaire

Ar Bhonn Leanúnach

FAISNÉIS GHINEARÁLTA

1. Ainm na **Roinne** nó na **hoifige**:

2. Ainm agus seoladh an **rannáin**, na **rannóige** nó an **aonaid**:

3. Ainm, uimhir theileafóin agus mionsonraí ríomhphoist an **Oifigigh Deimhniúcháin**:

4. Céard í **príomhfheidhm** agus **príomhfhreagracht** na rannóige?

5. **An gceapann an rannóg beartas** nó an bhfuil a cuid gníomhaíochtaí dírithe go príomha ar **bhearta riaracháin** a chur i gcrích amhail próiseáil a dhéanamh ar

iarratais a bhaineann le cuspóir sonracha/scéim dheontais shonrach?
<p>6. An bhfuil dlíthe, rialacháin nó rialacha inmheánacha maidir le nós imeachta ann lena rialaítear na próisis ghnó? Má tá, luaigh an reachtaíocht phríomha, an Ionstraim Reachtúil, an scéim dheontais etc., le do thoil. Tabhair nasc le statutebook.ie, más iomchuí.</p>
<p>7. An ndéantar gníomhaíochtaí gnó na rannóige a chomhroinnt le Roinn eile nó le hoifig eile nó an gcuirtear i gcrích iad mar ghníomhairí de chuid Roinn eile nó oifig eile? Má chomhroinntear, tabhair mionsonraí le do thoil.</p>
<p>8. An ndéantar próisis ghnó na rannóige a thuairisciú i scéim foilseacháin Saorála Faisnéise na Roinne. Má thuairiscítear, tabhair an nasc leis an scéim, le do thoil.</p>
FORLÉARGAS AR AN tSRAITH/bhFOSHRAITH TAIFEAD
<p>9. Cad é teideal na sraithe taifead? Tabhair tuairisc, gan í a theorannú d'uimhir thagartha.</p>
<p>10. Cén fáth gur cruthaíodh an tsraith taifead? Cén fheidhm atá aici?</p>
<p>11. An ndearnadh na taifid sa tsraith seo a chruthú, agus an gcothabháiltear iad, go sonracha chun oibleagáid dhlíthiúil nó oibleagáid éigeantach eile a chomhlíonadh? Más freagra dearfach a thugtar, tabhair mionsonraí le do thoil.</p>
<p>12. An bhfuil lámhleabhair nós imeachta ann (nó an raibh lámhleabhair nós imeachta ann riamh) lena rialaítear cruthú agus cothabháil na dtaifead atá ann sa tsraith?</p>
<p>13. Cad iad na dátaí a bhaineann leis an tsraith?</p>
<p>14. Conas atá na taifid curtha in eagar?</p>

(e.g. comhaid chláráithe agus eagar curtha orthu ar mhodh alfa-uimhriúil/uimhriúil, ar mhodh croineolaíoch, ar mhodh geografach, de réir ábhair etc.)

15. Cad iad na **gnáthchineálacha doiciméid** a fhaightear sa tsraith seo?
(e.g. miontuairiscí oifigiúla, nó cóipeanna díobh; foirmeacha; comhfhreagras - cé eatarthu?; orduithe, cuntais etc.)

16. Más **cás-chomhaid*** iad, tabhair tuairisc ar an bpróiseas a léiríonn siad.

DÚBLÁIL

17. An bhfuil faisnéis atá ann sa tsraith taifead **dúbláilte nó comhiomlánaithe i sraith eile nó i bhfoshraith eile**? Má tá, tabhair mionsonraí.

18. An bhfuil faisnéis atá ann sa tsraith taifead **dúbláilte nó comhiomlánaithe i bhfoirm fhoilsithe**? Má tá, tabhair mionsonraí.

19. An **taifid bhunaidh nó taifid dhúblacha** iad na taifid atá ann sa tsraith?

20. Más taifid dhúblacha iad, sainaithin **cruthaitheoir oifigiúil** agus **suíomh** na leaganacha bunaidh, le do thoil.

TUAIRISC FHSICIÚIL

21. Céard í **formáid** fhisiciúil na sraithe taifead?
(e.g. comhaid uimhrithe, comhaid páipéir scaoilte, leatháin scaoilte i mbosca-chomhaid, doiciméid chlóite/foirmeacha). Iarrtar ort a bheith chomh sonrach agus is féidir.

<p>22. An bhfuil aon ítimí mórthomhais ann sa tsraith? (e.g. léarscáileanna, pleananna, póstaeir) Má tá, an stóráiltear iad in áit ar leithligh nó an bhfuil siad clibeáilte/fillte i gclúdaigh laistigh de na comhaid ghaolmhara?</p>
<p>23. An bhfuil aon taifid i bhformáidí seachas páipéar ann sa tsraith? (e.g. grianghraif, scannán, téipeanna caiséid, fístaifeadtaí, micreascannán, micrifís, CD ROM etc.). Má tá, tabhair mionsonraí.</p>
<p>24. An taifid pháipéir amháin atá ann sa tsraith?</p>
<p>25. Cén áit ina stóráiltear na taifid pháipéir?</p>
<p>26. An bhfuil taifid leictreonacha* ann? Má tá, cén bhaint atá ann idir na taifid pháipéir agus na taifid leictreonacha?</p>
<p>27. An nglactar leis an ‘comhad leictreonach’ mar ‘máistirthaifead’? An bhfuil gach rud ‘priontáilte go comhad’; mar shampla, an ndéantar foirmeacha páipéir etc. a scanadh chun comhad iomlán digiteach a dhéanamh, nó an ndéantar doiciméid a scanadh mar chuid de chóras ‘ionghabhála’ agus de dhoiciméid leictreonacha eile a chruthaítear.</p>
<p>28. Más iomchuí, tabhair mionsonraí faoin gcóras ríomhbhainistíochta (faigh ionchur ón lucht Teicneolaíochta Faisnéise, más gá sin).</p>
<p>29. Cén áit ina stóráiltear na taifid leictreonacha? (e.g. an bhfuil freastalaithe áitiúla/seachtracha ann?)</p>
<p>AN LÍON TAIFEAD</p>

30. Cá mhéad comhad atá ann sa tsraith taifead?
31. Cén líon taifead atá ann sa tsraith? (e.g. luaigh an líon baincéirí/boscaí stórála/bosca-chomhaid glas-sprionga/crátaí/comhad-chaibinéad/méadar de sheilfeanna etc., de réir mar is cuí)
32. Más líon finideach atá ann, cad iad na dátaí (ó/go) lena mbaineann na taifid atá ann sa tsraith?
33. Más sraith fhabhraitheach atá ann, céard é, go garbh, an ráta bliantúil fabhrúcháin? (i.e. garbhlíon na dtaifead a ghintear in aghaidh na bliana)
AN BHAINN ATÁ AG AN tSRAITH LE SRAITHEANNA EILE TAIFEAD
34. An ndearnadh aon chuid den fhaisnéis sa tsraith taifead a bhaint aisti nó a úsáid i sraith eile nó ar chóras coimeádta taifead?
35. Maidir leis an bhfaisnéis atá ann sa tsraith, an dtacaíonn sí le faisnéis i sraitheanna eile nó an gcomhlánaíonn sí faisnéis den sórt sin? Más amhlaidh atá, tabhair mionsonraí.
RIACHTANAS RIARACHÁIN MAIDIR LEIS AN tSRAITH TAIFEAD
36. An bhfuil an tsraith taifead á húsáid faoi láthair?
37. An bhfuil aon srianta ar rochtain ann? An bhfuil faisnéis íogair nó rúnda ann sna taifid? Má tá, tabhair mionsonraí.
38. An bhfuil aon riachtanais ann maidir le coimeád (e.g. riachtanais de chineál dlíthiúil, rialála, fioscach) agus, má tá, céard iad? Áirítear an méid seo a leanas i measc na riachtanas coitianta ach níl na riachtanais teoranta do na nithe seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> • Na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 • An tAcht um Chartlann Náisiúnta 1986 • Riachtanais an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste • An Coiste um Chuntais Phoiblí • Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise.

39. An bhfuil **riachtanais riaracháin inmheánacha** ann maidir le coimeád na dtaifead agus, má tá, céard iad?

Áirítear an méid seo a leanas i measc na riachtanas coitianta ach níl na riachtanais teoranta do na nithe seo a leanas:

- Dlíthíocht ionchasach a bhfuil gá le fianaise dhoiciméadach ina leith
- Nithe a bhaineann le hIníúchadh Inmheánach

TÁBHACHT AGUS TOSAÍOCHT

Is í an acmhainneacht taighde sa todhchaí a bhaineann le taifid an athróg is deacra lena cinneadh.

An rud nach ngabhann ach úsáid measartha maith leis ó thaobh taighde de sa lá atá inniu ann, d'fhéadfadh úsáid mhór a bheith aige ó thaobh taighde de amach anseo. D'fhéadfadh sé go bhfuil sé níos tábhachtaí fós réamhthuar a dhéanamh faoi shaincheisteanna agus faoi thopaicí a meastar ina leith go mbeidh tábhacht acu sa todhchaí, agus d'fhéadfadh sé go bhfuil sé níos deacra fós an méid sin a dhéanamh. Dá ainneoin sin, tá sé tábhachtach an méid sin a bhreithniú le linn cinntí a dhéanamh maidir le measúnacht. Is gá na cineálacha taighde reatha, agus an méid taighde reatha, a bhreithniú agus iarracht a dhéanamh teacht ar thátail faoin leibhéal taighde a bhfuiltear ag súil leis i gcás daoine den phobal agus i gcás an Rialtais araon.

40. Cé chomh tábhachtach atá foinse agus comhthéacs na dtaifead?

Nithe tábhachtacha a bhíonn le breithniú ag an gCartlann Náisiúnta is ea iad tábhacht na bhfeidhmeanna agus na ngníomhaíochtaí a chuireann an ghníomhaireacht tionscnaimh i gcrích agus an comhthéacs gnó ar laistigh de a chruthaítear na taifid.

41. An faisnéis uathúil atá i gceist?

Ní mór measúnachtaí a dhéanamh i gcomhthéacs taifid eile atá ann. Ní mór don Chartlann Náisiúnta cinneadh a dhéanamh i dtaobh an ionann na taifid atá á mbreithniú agus an t-aon fhoinsé amháin, nó an fhoinsé is iomláine, i leith faisnéis shuntasach. I gcás taifid ina bhfuil faisnéis nach bhfuil ar fáil i bhfoinsí eile, is mó an dóchúlacht gur gá iad a chaomhnú go buan ná mar is amhlaidh i gcás taifid ina bhfuil sonraí a bhfuil leagan dúblach díobh le fáil i bhfoinsí eile.

42. An ndéanann na doiciméid cinntí lena leagtar síos fasaigh a thaifeadadh?

An leagtar síos fasaigh i gcinntí nó i ngníomhartha na ngníomhaireachta tionscnaimh, nó an

*bhfuil gach cinneadh nó gníomh ar leith neamhspleách ar chinn eile, gan bheith bunaithe ach amháin ar bheartas a leagadh amach ar leibhéal éigin níos airde?
Más fíor an méid is túisce atá luaite san abairt sin roimhe seo, is mó an dóchúlacht go mbeidh gá le caomhnú buan. I measc samplaí den chás seo, áirítear comhaid bheartais ar an leibhéal is airde laistigh de ghníomhaireacht.*

43. Aon nótaí, tuairimí, mionsonraí eile a measann tú ina leith go bhfuil siad bainteach le hábhar?

Ainm, síniú agus ainmniúchán an iarratasóra

An dáta ar cuireadh an t-iarratas faoi bhráid na Cartlainne Náisiúnta.